

An bhfuil cead agam seiceáil a dhéanamh ar Theastais COVID custaiméirí nó cuairteoirí chun m'áitreabh? [RIALAITHEOIRÍ SONRAÍ]

Tá sé de chúram oraibh mar úinéirí/oibritheoirí áitribh, mar rialaitheoir sonraí, a dheimhniú an bhfuil bunús dlí aitheanta agaibh chun stádas vacsaínithe lucht freastail nó custaiméirí a iarraidh agus a dheimhniú. Ba cheart é seo a dhéanamh i dtaca leis an gcomhairle reatha ó na húdaráis sláinte phoiblí, agus níor cheart sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin de réir mar is gá chun riachtanais na comhairle sin a chomhlíonadh.

Sa chomhairle reatha sláinte phoiblí ón Rialtas, leagtar amach na coinníollacha ina bhféadfaí rochtain a cheadú ar ghníomhaíochtaí, eachtraí agus tionóil móra bunaithe ar thuilleadh laghdaithe agus/nó stádas vacsaínithe nó imdhíonachta COVID-19:

<https://www.gov.ie/en/press-release/7894b-post-cabinet-statement-resilience-and-recovery-the-path-ahead/>

Chun roinnt de na bearta seo a chur i bhfeidhm, beidh gá le stádas vacsaínithe nó imdhíonachta COVID-19 a dheimhniú ag úinéirí/oibritheoirí d'áitribh a bhfuil eachtra nó gníomhaíochtaí á óstáil acu. Má tá siad ag iarraidh riachtanais na coinníollacha a leagtar amach ag na húdaráis sláinte phoiblí a chur i bhfeidhm, tá cead ag úinéirí/oibritheoirí áitribh sonraí pearsanta a phróiseáil go dleathach i gcúinsí srianta. Fórálann Alt 53 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 gur féidir catagóirí speisialta sonraí pearsanta, lena n-áirítear sonraí a léiríonn stádas vacsaínithe, a phróiseáil de réir mar is gá ar mhaithe le leas an phobail sa réimse sláinte phoiblí. Ba cheart cinneadh a dhéanamh ar riachtanas sa chomhthéacs seo i dtaca leis an gcomhairle is déanaí ó na húdaráis sláinte phoiblí. Ba chóir go mbeidh aon phróiseáil ar shonraí teoranta le riachtanais ar leith na comhairle seo a chomhlíonadh agus ba chóir nach leanfaidh an phróiseáil níos faide mar a bhfuil aon chomhairle dá leithéid i bhfeidhm. Ba cheart duit seiceáil go minic cén coinníollacha a bhaineann go sonrach le do chineál gnó nó eachtra.

Chomh maith leis seo, tá bunús breise dlí ag na húinéirí/oibritheoirí d'áitribh ábhartha chun críocha *Rialachain 2021 um an Acht Sláinte 1947 (Ailt 31AB agus 31AD) (Covid-19) (Oibriú áitribh áirithe faoi dhíon)* le sonraí a léiríonn stádas vacsaínithe a phróiseáil. Cuireann na Rialacháin oibleagáid dlí ar oibritheoirí áitreabh ábhartha faoi dhíon stádas

vacsaínithe a gcustaiméirí a dheimhniú, faoi réir forfheidhmithe ag oifigigh údaraithe um chomhlíonadh. Má theipeann ar oibritheoir d'áitreabh ábhartha faoi dhíon riachtanais na Rialachán a chomhlíonadh, d'fhéadfadh go mbeadh coir déanta aige/aici.

Tagann sonraí pearsanta a phróiseálar sa chomhthéacs seo faoi réir gach riachtanas den GDPR. Féach ár dtreoir le haghaidh rialatheoirí sonraí chun eolas sainiúil a fháil ar shlándáil sonraí, coinneáil sonraí, agus cearta an duine aonair.

Cé is féidir leo mo stádas vacsaínithe a sheiceáil? [ÁBHAI SONRAÍ]

Faoi na treoirínite reatha maidir le sláinte phoiblí, d'fhéadfadh go mbeidh gá le do stádas vacsaínithe a dheimhniú ag úinéirí/oibritheoirí d'áitribh áirithe a bhfuil imeachtaí nó gníomhaíochtaí á óstáil acu chun iontráil a cheadú. Forálann an dlí é seo faoi Alt 53 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, a cheadaíonn do shonraí pearsanta, sonraí sláinte san áireamh, a phróiseáil ar mhaithe le sláinte phoiblí.

Léiríonn treoirínite an Rialtais maidir le sláinte phoiblí cén catagóirí gnólachtaí agus imeachtaí a bhfuil orthu stádas vacsaínithe a sheiceáil:

<https://www.gov.ie/en/press-release/7894b-post-cabinet-statement-resilience-and-recovery-the-path-ahead/>

Tugtar roinnt samplaí thíos d'áitribh, seachas áitribh fáilteachais, a bhfuil dualgas orthu faoi láthair stádas vacsaínithe a sheiceáil de réir treoirínite Rialtais:

- Pictiúrlanna
- Iarsmalanna
- Ionaid siamsaíochta
- Cúirteanna Bhabhlála
- Hallaí Snúcair
- Ionaid gníomhaíochta

Níor cheart sa chomhthéacs seo go ndéanfar próiseáil ar shonraí pearsanta ach amháin chun do stádas vacsaínithe a dheimhniú, agus faoi láthair níl aon riachtanas le tuilleadh próiseála de d'eolas ar mhaithe le sláinte phoiblí. Nuair a dheimhnítear stádas vacsaínithe trí theastas a scanadh le haip oifigiúil, ní choinneofar aon sonraí pearsanta

ag úinéir/oibritheoir an áitribh, agus ní roinnfear aon sonraí pearsanta le haon tríú páirtithe. Níl dualgas ar úinéirí/oibritheoirí áitribh léiriú go ndearna said measúnú tionchair ar chosaint sonraí, mar tá scóip na próiseála teoranta agus bunaithe ar riachtanais sláinte poiblí. Ní hé an cás ach oiread go ndéanfar sonraí sláinte, ar nós stádas vacsaínithe, a phróiseáil ag proifisiúnach leighis amháin.

Tá bunús breise dlí ag na húinéirí/oibritheoirí d'áitribh ábhartha chun críocha *Rialacháin 2021 um an Acht Sláinte 1947 (Ailt 31AB agus 31AD) (Covid-19) (Oibriú áitribh áirithe faoi dhíon)* le sonraí a léiríonn stádas vacsaínithe a phróiseáil. Baineann an bunús dlí seo le háitribh fáilteachais faoi dhíon, mar shampla, tithe tábhairne, bialanna, caiféanna, srl. agus is cuid de réime éigeantach agus infheidhmithe é, ina bhféadfadh úinéirí na n-áitreabh ábhartha dul faoi iniúchadh agus is féidir go dtabharfaí os comhair na cúirte iad ma theipeann orthu cloígh leis sin.

Féach ar ár dtreoirnóta ar leith faoi shonraí vacsaínithe a phróiseáil i gcomhthéacs fostaíochta chun eolas a fháil maidir le fostóirí ag iarraidh stádas vacsaínithe a dheimhniú.